2025/1759

25.8.2025

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/1759 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Meitheamh 2025

lena gceartaítear leaganacha teanga áirithe de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1366 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí chód gréasáin a bhunú i ndáil le rialacha earnáilsonracha maidir le gnéithe cibearshlándála de shreafaí leictreachais trasteorann

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas ([1]), agus go háirithe Airteagal 59(2), pointe (e) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá earráid sna leaganacha Danmhairgise, Fraincise, Gaeilge, Gearmáinise, Ollainnise, Polainnise, Portaingéilise, Seicise agus Sualainnise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1366 ón gCoimisiún ([2]) in Airteagal 18(2), pointe (a)(iii) a mhéid a bhaineann leis na cibearbhagairtí atá le bheith i liosta na mbagairtí ar an slabhra soláthair. Déanann an earráid difear do shubstaint na forála sin.

(2) Tá earráid sna leaganacha Danmhairgise, Fraincise, Gearmáinise agus Gaeilge de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1366 in Airteagal 18(2), pointe (a)(iv), a mhéid a bhaineann leis na cibearbhagairtí atá le bheith i liosta na mbagairtí ar an slabhra soláthair. Déanann an earráid difear do shubstaint na forála sin.

(3) Tá earráid sna leaganacha Danmhairgise, Fraincise, Gaeilge, Gearmáinise, Ollainnise, Polainnise, Portaingéilise agus Seicise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1366 in Airteagal 18(2), pointe (a)(v), atá comhchosúil leis an earráid in Airteagal 18(2), pointe (a)(iii) agus a bhfuil tionchar aici ar shubstaint na forála freisin.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart na leaganacha Danmhairgise, Fraincise, Gaeilge, Gearmáinise, Ollainnise, Polainnise, Portaingéilise, Seicise agus Sualainnise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1366 a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceartaítear Airteagal 18(2) pointe (a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1366 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (iii):

‘(iii) cibirionsaithe arna dtionscnamh trí bhíthin gníomhaithe sa slabhra soláthair;’.

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (iv):

‘iv) sceitheadh faisnéise íogaire trí bhíthin an tslabhra soláthair, lena n-áirítear rianú an tslabhra soláthair;’.

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (v):

‘v) laigí nó cúldoirse i dtáirgí TFC, seirbhísí TFC nó próisis TFC, seirbhísí TFC nó próisis TFC arna dtabhairt isteach trí bhíthin gníomhaithe sa slabhra soláthair;’.

([1]) IO L 158, 14.6.2019, lch. 54, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/943/oj.
([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1366 ón gCoimisiún an 11 Márta 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí chód gréasáin a bhunú i ndáil le rialacha earnáilsonracha maidir le gnéithe cibearshlándála de shreafaí leictreachais trasteorann (IO L, 2024/1366, 24.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/1366/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Meitheamh 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN